AONAD 5: Saol fir?

Scéimeanna teagaisc, gníomhaíochtaí agus acmhainní

Bealaí molta ceacht amháin ① trí cheacht ③ sé cheacht ⑥

Foghlaimeoidh scoláirí	Gníomhaíochtaí teagaisc	Slite chun an t-ábhar a úsáid	Íosmhéid ama	Acmhainní
Gníomhaíocht thosaigh	**Cuirtear an t-aonad i láthair le gearrscannán. Taispeáin ar dtús é.** Cuir an ghníomhaíocht 'Staid na mban sa domhan' i láthair. Déan plé ar fhreagairtí na scoláirí láithreach don eolas.	gach ceacht	15 nóiméad	Bileog 3: Staid na mban sa domhan (lch.5.5)
Cuid de na príomhcheisteanna comhionannais atá roimh mhná sa 21ú haois a mhíniú	Agus iad ag obair ina bpéirí, féachann na scoláirí ar chlár teilifíse dá rogha féin – dráma nó sobaldráma, ach ní clár faisnéise. Úsáid an chairt ar bhileog 4, cuir na carachtair a léirítear ann ina gcatagóirí. Déan plé ranga ar na ceisteanna a thaispeántar faoin gcairt.	③ ceacht 1 ⑥ ceacht 1 Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí sa roinn seo	30 nóiméad	Bileog 4: Cláir theilifíse (lch.5.6)
	Déan taighde ar na fadhbanna a bhí roimh mhná sa Ríocht Aontaithe/in Éirinn sa 19ú céad/go luath sa 20ú céad sa choimhlint a bhí ann ar son an chomhionannais. An mbíonn coimhlintí mar seo roimh mhná inniu? Má bhíonn, cad iad?		30 nóiméad	www.bbc.co.uk/history/british/launch_gms_victorian_dress.shtml (tá cluiche ann ar chearta ban sa Ríocht Aontaithe) www.womenworldleaders.org www.equality.ie (clóscríobh isteach 'gender' san inneall cuardaigh) www.banulacht.ie/index.htm
	Léiríonn staitisticí gur mó an méid fear ná ban a bhfuil poist thábhachtacha acu sa chuid is mó de na tíortha. Clóscríobhann na scoláirí 'gender gap' isteach in inneall cuardaigh idirlín agus roinneann siad na pointí eolais a dtagann siad orthu.		20 nóiméad	Bileog 1: Eolas bunúsach (lch.5.3) www.trocaire.org/education (acmhainn ann ar chomhionannas inscine) www.weforum.org (clóscríobh 'global gender gap report' isteach san inneall cuardaigh)
Na príomhchúiseanna atá leis na ceisteanna seo agus na tionchar a bhíonn acu sin a aithint	Féachann na scoláirí ar scéal físe Sunita. Ríomhann na scoláirí a scéal siar ar mhaithe le teacht ar phríomhchúiseanna a cuid fadhbanna. Déanann na scoláirí taighde agus cur i láthair ina bpéirí mar chaint nó mar chur i láthair PowerPoint, ar na pointí eolais faoi cheann de na ceisteanna seo agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar dhuine aonair nó ar theaghlach.	① ceacht singil ③⑥ ceacht 2 Féach ar na ccéalta físe ar fad ach roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí gaolmhara	30 nóiméad	Scéalta físe: Sunita Dharavath (an India) Bileog 2: Na scéalta (lch.5.4)
	Féach ar scéal físe Punam. Pléigh freagairtí an ranga dá cás. Líonann na scoláirí isteach an fráma ama ar bhileog 6 lena lá féin a chur i gcomparáid le lá Punam. Cad iad na príomhchosúlachtaí agus na príomhdhifríochtaí idir an saol acu? Eagraigh plé ranga ar an gceist cé acu ar dócha i gcónaí gur bean a thugann aire don teaghlach. Cén fáth gur/nach mar sin atá?		30 nóiméad	Scéal físe: Punam Tamang (Neipeal) Bileog 2: Na scéalta (lch.5.4) Bileog 5: Cuir do lá i gcomparáid (lch.5.8)
	Féach ar scéal físe Bulelwa. Tabhair faoi deara na hathruithe ina saol ar dócha a thiocfaidh as freastal ar an gcúrsa siúinéireachta. Ligeann na scoláirí orthu gurb iad féin Bulelwa Benya agus scríobhann litir chuig ceannairí Ionad Zenzale, ag gabháil buíochais leo as áit a thabhairt di ar an gcúrsa siúinéireachta agus ag cur síos ar na dea-thionchair a bhfuil súil aici leo.	⑥ ceacht 3 Roghnaigh gníomhaíocht eile ón roinn seo	30 nóiméad	Scéal físe: Bulelwa Benya (an Afraic Theas) Bileog 2: Na scéalta (lch.5.4)

© togetherTV, 2007

Scéimeanna teagaisc, gníomhaíochtaí agus acmhainní

Foghlaimeoidh scoláirí	Gníomhaíochtaí teagaisc	Slite chun an t-ábhar a úsáid	Íosmhéid ama	Acmhainní
Machnamh ar dhearcadh agus ar ghníomhartha dá gcuid féin agus de chuid daoine eile i leith cearta ban	Léigh le chéile agus déan plé ar na himpleachtaí a bhaineann leis an gcomhrá ar bhileog 5. Déanann na scoláirí athscríobh air, agus an uair seo léiríonn siad go n-aithníonn an fear céile an obair a dhéanann a bhean chéile. Déanann na scoláirí liosta de na gnóthachtálacha a bhí ag an triúr ban sna scéalta físe. Ansin cuir iad seo i gcomparáid lena bhfuil bainte amach acu féin. Déan plé i measc na scoláirí ar an méid a theastódh uathu féin a dhéanamh le dul chun cinn mar sin a bhaint amach. Mar rang, cuir dhá bhord taispeántais le chéile a léiríonn pictiúirí agus ailt faoi na roghanna agus faoi na brúnna a bhíonn roimh fhir agus mhná. Déan plé ranga ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí eatarthu.	⑥ ceacht 4 agus 5 Roghnaigh ceann nó níos mó de na gniomhaíochtaí sa roinn seo	20 nóiméad 15 nóiméad 30 nóiméad	Bileog 5: Fanann sí sa bhaile (lch.5.7) Scéalta físe: Sunita Dharavath (an India), Bulelwa Benya (an Afraic Theas) agus Punam Tamang (Neipeal) Bileog 2: Na scéalta lch.5.4) Bileog 1: Eolas bunúsach (lch.5.3) Bileog 3: Staid na mban sa domhan (lch.5.5)
Na dualgais a thiteann orthu féin a shoiléiriú agus beart a dhéanamh maidir le cearta ban	Tabhair cuireadh do chainteoir ó ghrúpa ban nó ó dhídean ban sa cheantar. An bhféadfadh na scoláirí rud ar bith a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt dá gcuid oibre? 1975-1985 b'shin Deich mBliana na mBan ag na Náisiúin Aontaithe. Iarr ar na scoláirí liosta a dhéanamh amach de na hábhair imní faoinar gá níos mó a dhéanamh chun comhionannas a bhaint amach do mhná. Roghnaíonn gach scoláire topaic amháin, scríobhann tuairisc ghairid air agus seolann chuig duine nó chuig eagraíocht a d'fhéadfadh gníomh a dhéanamh. Déanann scoláirí cur i láthair ag comhthionól scoile nó ag ócaid eile scoile ar an méid atá foghlamtha acu ón aonad seo ar son nó faoi Lá Idirnáisiúnta na mBan (8 Márta).	③ ceacht 3 ⑥ ceacht 6 Roghnaigh ceann de na gniomhaíochtaí sa roinn seo	30 nóiméad 30 nóiméad 30 nóiméad	www.shelter.org.uk (clóscríobh 'women's refuges' isteach in inneall cuardaigh na tíre cuí) www.womensaid.ie www.womensaid.org.uk www.womensaid.org www.un.org/womenwatch www.unifem.org/campaigns/30th_anniversary www.trocaire.org/education (féach an acmhainn *Urari*) Bileog 1: Eolas bunúsach (lch.5.3) Bileog 3: Staid na mban sa domhan (lch.5.5) Scéalta físe: Sunita Dharavath (an India), Bulelwa Benya (an Afraic Theas) agus Punam Tamang (Neipeal) Bileog 2: Na scéalta (lch.5.4) www.internationalwomensday.com

© togetherTV, 2007

Bearna Inscne

Den 115 tír a chuireann an Fóram Eacnamaíochta Domhanda in ord 'Is iad na tíortha Lochlannacha, an tSualainn (1ú), an Iorua (2ú), an Fhionlainn (3ú) agus an Íoslainn (4ú) atá i mbarr an innéacs is déanaí maidir le bearna inscne. An Ghearmáin (5ú), na Filipínigh (6ú), an Nua-Shéalainn (7ú), an Danmhairg (8ú), an Ríocht Aontaithe (9ú) agus Éire (10ú) a chríochnaíonn an liosta den 10 tír i mbarr an liosta leis an 'bearna inscne' is lú.

	An India	Neipeal	An Afraic Theas	Éire	An Ríocht Aontaithe
Áit dhomhanda do bhearna inscne	98	111	18	10	9
Litearthacht:					
Mná	48%	35%	81%	99%	99%
Fir	73%	63%	84%	99%	99%
Páirt sa bhfórsa oibre::					
Mná	34%	50%	46%	53%	55%
Fir	82%	78%	79%	72%	69%
Sa pharlaimint:					
Mná	8%	6%	33%	13%	20%
Fir	92%	94%	67%	87%	80%
Saoire mháthaireachais le pá	12 seachtain	52 lá	18 seachtain	26 seachtain	39 seachtain
Múinteoirí ban le hoideachas tríú leibhéal	40%	0	50%	39%	38%
Cumas chun bainistíocht ghnó a bhaint amach (scála 1-7)	5.12	3.60	4.87	5.06	4.63

(**Foinse:** World Economic Forum *The Gender Gap Report* 2006)

Figiúirí an Ríocht Aontaithe

- Cuireann 54% de mhná gnó ar bun ionas gur féidir leo a gcuid uaireanta oibre féin a roghnú, i gcomórtas le gan ach 35% i gcás na bhfear.

- Bíonn níos mó ama saor ar lá oibre i rith na seachtaine ag fir a bhíonn i bpoist bhuana ná mar a bhíonn ag mná a oibríonn go lánaimseartha. Caitheann fir níos mó ama ag breathnú ar an teilifís nó ar fhíseán, nó ag éisteacht leis an raidió. Os a choinne sin is mó an méid ama a chaitheann mná ag bualadh le cairde ná mar a chaitheann fir.
  (oifig na Staitisticí Náisiúnta, *UK Time Use Survey*, 2003)

- Sa tsáinn a bhaineann le cúrsaí oibre agus teaghlaigh a réiteach lena chéile, ní bhíonn ach 34 nóiméad dóibh féin ag 2.6 milliún ban. Tá dhá mhilliún eile nach mbíonn ach 47 nóiméad sa ló acu.
  (Pobalbhreith ICM do *Sainsburys Bank*, 2004)

- Bord gobharnóirí fireann amháin atá ag beagnach an tríú cuid de FTSE 100, agus níl aon athrú tagtha ar líon na mbanstiúrthóirí feidhmiúcháin atá fós ag 17.
  (Cranfield School of Management, *Female FTSE 100 Report*, 2004)

- Íoctar, ar an meán, 87.4% de ráta pá fir in aghaidh na huaire le mná a bhíonn ag obair go lánaimseartha. Ón mbliain 1975 i leith nuair a tháinig an tAcht Pá Cothom i bhfeidhm, tá an bhearna sa ráta pá lánaimseartha tar éis dúnadh go mór, ó 29.5% go 20.2% in 1996 agus ó 20.7% in 1997 go dtí 17.2% in 2006. Ba é 40.2% an bhearna inscne sa phá páirtaimseartha in 2006 – laghdú ó 40.4% in 2005.
  (Women and Equality Unit, www.womenandequalityunit.gov.uk)

© togetherTV, 2007

Sunita — An India

Ainm	Sunita Dharavath
Aois	23
Tír	An India

Go hachomair

Pósadh ag 14 bliana d'aois í le halcólach i ngeall ar leasmháthair nár thug aire di

Thóg iasachtóir airgid seilbh ar thalamh an teaghlaigh; caitheadh pá Sunita ar an ól

D'fhág sí a fear céile tar éis dá máthair chéile í a ionsaí

Tré sheans casadh i dtreo tearmann ban í

Thosaigh sí ag freastal ar an scoil ansin agus is múinteoir anois í

Bulelwa — An Afraic Theas

Ainm	Bulelwa Benya
Aois	25
Tír	An Afraic Theas

Go hachomair

Tá cónaí uirthi in Khayelitsha, atá ar cheann de na bailteacha is boichte san Afraic Theas, atá níos lú ná leathmhíle slí ó rachmas Chape Town

Máthair shingil í atá gan obair gan phá

Tá sí tar éis clárú ar chúrsa siúinéireachta a eagraíonn Ionad Oiliúna Zenzele (a chiallaíonn 'déan tú féin é')

Tá sé mar aidhm aici teach a thógáil agus gnó siúinéireachta dá cuid féin a chur ar bun

Punam — Neipeal

Ainm	Punam Tanang
Aois	9
Tír	Neipeal

Go hachomair

Cailleadh a máthair ceithre bliana ó shin nuair a bhí Punam cúig bliana d'aois

Oibríonn a hathair dhá sheisiún oibre (4am-8pm) i monarcha ríse le costais mhaireachtála an teaghlaigh a íoc

Tugann Punam aire dá deartháir, Krishna (7) agus dá deirfiúr Rabina (4)

Tá sí freagrach chomh maith as siopadóireacht an tí, cócaireacht, glanadh agus níochán éadaí

Freastlaíonn na páistí ar scoil bheag nach ngearrann táillí arda

© togetherTV, 2007

Bileog 3 Staid na mban sa domhan

Treoracha don mhúinteoir

Is mná iad leath de dhaonra an domhain, an tríú cuid den bhfórsa oibre oifigiúil agus is iad a dhéanann nach mór dhá dtrian d'uaireanta oibre an domhain. Ina ainneoin sin ní íoctar ach an deichiú cuid d'ioncam an domhain leo go díreach agus níl ach an céadú cuid de thalamh agus de thithe an domhain ina seilbh.
Ráiteas na Náisiún Aontaithe





Ullmhaigh

- 10 mbileog pháipéir agus siombal spáide orthu (méadaithe go cuí) mar shiombal ar obair an domhain
- 10 mbileog agus siombal £/€ orthu (méadaithe go cuí) mar shiombal ar ioncam an domhain
- 10 mbileog agus siombal tí orthu (méadaithe go cuí) mar shiombal ar thalamh agus ar thithíocht an domhain

Cad tá le déanamh

1 Roghnaigh cúigear buachaillí agus cúigear cailíní (nó iarr ar óglaigh)
Muna bhfuil ach inscne amháin sa ghrúpa agat, iarr ar chúigear dul i bpáirt na hinscne eile. Ba mhaith an rud é seans lipéad a chur orthu chun iad a aithint go soiléir.

2 Tabhair amach na leathanaigh:
Tabhair:

- seacht gcinn de na spáid do na cailíní agus trí cinn do na buachaillí (obair)
- ceann amháin de na £/€ do na cailíní agus na naoi gcinn eile do na buachaillí (ioncam)
- na tithe ar fad do na buachaillí seachas cúinne beag amháin de theach amháin a thugtar do na cailíní (talamh agus tithíocht)

Tá lion na leathanach seo i gcomhréir leis an roinnt atá le léamh i staitisticí na Náisiún Aontaithe thuas.

3 Ansin pléigh na freagairtí
An bhfuil difríocht sa chaoi a bhfreagraíonn na buachaillí agus na cailíní?

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí soiléir é nach de bharr leisce ar thaobh na mban atá na figiúirí amhlaidh, ach de bhrí go gcuireann na fir ó dhoras iad

An dteastaíonn ó dhuine ar bith cúrsaí mar atá a athrú? Cén fáth?

Cén chaoi a bhfreagraíonn an chuid eile dó seo?

© togetherTV, 2007

Cláir theilifíse

Tar éis breathnú ar chlár teilifíse de do rogha féin, cuir na carachtair a léirítear ann ina gcatagóirí trí úsáid a bhaint as an tábla thíos.

Ceisteanna	Fireann	Baineann
1. Cé mhéad príomhcharachtar atá ann (idir mhaith agus olc)?		
2. Cé mhéad de na carachtair sin atá cliste agus a réitíonn fadhbanna?		
3. Cé mhéad díobh atá amaideach, baoth, a fhéachann ar dhaoine eile nó a bhfuil a gcabhair uathu?		
4. Cé mhéad díobh atá muiníneach, láidir nó a ghníomhaíonn mar cheannairí?		
5. Cé mhéad nach bhfuil cinnte iontu féin, atá faiteach nó ar leantóirí iad?		
6. Cé mhéad díobh a chuirtear i láthair go mealltach gnéasach?		

Úsáid an t-eolas ata bailithe agat agus pléigh an méid seo a leanas:

a) an úsaideann an clár cineálacha éagsúla grianghrafadóireachta nó teanga éagsúil d'fhir agus do mhná?

b) Cad a insionn an clár dúinn faoi bheith fireann agus baineann?

c) Conas a léirítear an gaol idir na fir agus na mná?

d) An gcuireann siad le dearcadh seanchaite maidir leis an gcaoi a n-iompraíonn fir agus mná iad féin?

e) An dtéann léirithe mar seo i bhfeidhm ar thuairimí faoin tslí ar chóir d'fhir agus do mhná iad féin a iompar? Má théann, conas a théann?



© togetherTV, 2007

Fanann sí sa bhaile

Léigh an chaint seo mar chomhrá.

‘An bhfuil mórán páistí agat’ a d’fhiafraigh an dochtúir.’

‘Bhí Dia go maith dom. As an sé dhuine déag a rugadh, maireann naoinúr.’ a d’fhreagair sé.

‘An n-oibríonn do bhean chéile?’

‘Ní oibríonn, fanann sí sa bhaile.’

‘Tuigim. Cén chaoi a gcaitheann sí a cuid ama?’

‘Bhuel, éiríonn sí ag a ceathair ar maidin, faigheann uisce agus adhmad, lasann an tine agus réitíonn an bricfeasta. Ansin téann sí chun na habhann agus níonn sí na héadaí. Ina dhiaidh sin téann sí chun an bhaile mhóir le harbhar a mheilt agus ceannaíonn sí an méid atá uainn ar an margadh. Ansin déanann sí cócaireacht ar bhéile an mheánlae.’

‘Tagann tú abhaile um mheánlae?’

‘Ní thagaim. Tugann sí an béile amach chugam sa ghort – tuairim is trí chiliméadar ón mbaile.’

‘Agus ina dhiaidh sin?’

‘Bhuel féachann sí i ndiaidh na gcearc agus na muc. Agus ar ndóigh tugann sí aire do na leanaí i gcaitheamh an lae ar fad. Ansin réitíonn sí an suipéar ionas go mbíonn sé réidh nuair a thagaim abhaile.’

‘An dtéann sí a chodladh i ndiaidh an tsuipéir?’

‘Ní théann sí. Téimse a chodladh. Bíonn rudaí le déanamh aici ar fud an tí go dtí a naoi a chlog.’

‘Ach deir tú nach n-oibríonn do bhean?’

‘Ní dhéanann, a dúirt mé leat. Fanann sí sa bhaile.’

(**Foinse:** Tuarascáil Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair)

Anois pléigh an méid seo a leanas:

Conas mar a fhreagraíonn tú don scéal seo?

An ndearna duine ar bith gáire nuair a chuala siad na pointí seo? Má rinne, cén fáth?

Ar chuala tú scéalta eile nó nathanna a dhéanann an pointe céanna?

Cad is obair ann, dar linne?

© togetherTV, 2007

Bileog 6 Cuir do lá i gcomparáid

Cad a dhéanann tú in aghaidh na huaire?

Líon isteach an chairt chun taifead a dhéanamh den chaoi a gcaitheann tú do chuid ama agus úsáid na catagóirí seo a leanas:

codladh

ithe

cúraimí an tí

obair bhaile

scoil

caithimh aimsire

ag tabhairt aire do pháistí níos óige

obair lasmuigh den teach

Ansin déan mar an gcéanna do lá Phunam.

Cuir líne dhearg faoi ghníomhaíochtaí oibre. Déan iarracht ar bheith chomh soiléir agus chomh macánta agus is féidir.



	PUNAM	MISE
1		
2		
3		
4		
5		
6		
7		
8		
9		
10		
11		
12		
13		
14		
15		
16		
17		
18		
19		
20		
21		
22		
23		
24		

© togetherTV, 2007